



COMÓRTAS BAILÉAD NUACHUMTHA '90



**LEANNIN DUBH
GAELACH**

**LEANNIN DUBH
DO GHAEIL**

COMÓRTAS NA nAMHRÁN NUACHUMTHA

(An Comórtas Náisiúnta Pan Cheilteach)



MOLTÓIRÍ

Seán ó hÉanaigh
Máire Ní Dhuibhir
Máirtín Mac Donnacha

Coiste Chomortas na nAmhrán Nuachumtha 1990

Tomás Mac an Iomaire. (Cathaoirleach)
Máire Uí Iarnáin. (Rúnaí)
Seosamb Mac Donnacha. (Oifigeach Cairdeamh Poiblí)
Séamas ó Cualáin. (Cisteoir)

CÚNTÓIRÍ.

Mairéad Uí Chatháin. (Rúnaí Cúnta)
Micheál Bhray ó Flaithearta. (Clóchur)

EAGARTHOIR LEABHAR NA nAMHRÁN : Séamas ó Cualáin.



NÍ BEOIR GO DTÍ É

URRAÍOCHT
COMHLACHT HEINEKEN & MURPHY
ÚDARÁS NA GAELTACHTA
RAIDIÓ NA GAELTACHTA
ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN
BORD NA GAEILGE
BANC NA HEIREANN (An Cheathrú Rua)
IRISH LIFE
BANC AONTAS ÉIREANN (An Cheathrú Rua)

C L A R

Ambrán.	Cumadóir.	Fonadóir/Grúpa Ceoil
1. Sarah.	C. ó Fatharta.	M. ó Gríofa/ B. Mac Donnacha.
2. Gaiscigh Ghaستا Aháne.	M. ó Siochrú.	Clann Uí Shiochrú.
3. Dá bhfeiceá mé.	Barry Ronan.	Barry Ronan.
4. An bhfeicfidh mé níos mó thú, a stóirín.	Tomás Mac Eoin.	T. Mac Eoin.
5. Gaillimh.	S. ó Curraoin.	S. ó Curraoin.
6. Riabhóg Mhóna.	U. ó hArgadáin.	U. ó hArgadáin.
7. Gleann Éadain Aoibhinn.	C. Mac Confaola.	C. Mac Confaola.
8.	D. ó Fatharta.	
9. Mo Rós ó Dhoire Né.	D. ó Colchúin.	Dúirling.
10. Smointe.	T. Mac Eoin.	D. Mí Bhrolcháin.
11. Sochraid C. Uí Bhréadaigh.	B. ó Baoill.	R. ó hBartáin.
12. An Ceadúnas Iascaireachta.	L. ó Donnachadha.	L. ó Donnachadha.
13. Lasaír an Ghrá.	D. ó Cuill.	D. ó Cuill.
14. Searc Grá.	O. Grant.	
15. Insan gCathair Gheimhríúil anseo i Chicago.	F. ó Scanláin.	S. ó Scanláin.
16. Cumha an Bhádóra.	B. ó Ruairc &	
17. Má hImigh Uaim.	R. Mac Aodha.	A. ó Coileáin.
	D. ó Cuill &	D. ó Cuill &
	R. Uí Chuill.	R. Uí Chuill.
18. Deireadh an Domhain.	D. ó Gráinne.	C. Mí Fhlatharta.
19. Ná bí ag brionglóidigh.	M. Uí Iarnáin.	Barry Ronan.
20. Suantraí Bhreandáin.	B. Uí Chadhain.	Ciann Uí Chadhain.
21. Léim an Ebradáin.	S. Bheilbigh.	S. Bheilbigh.
22. An Grá.	B. Uí Dhonnacha.	B. Uí Dhonnacha.
23. Marbhna Mháirtín.	E. Mí Chualáin.	E. Mí Chualáin.
24. Gaillimh.	M. ó hEidhin.	S. ó Flanagáin.
25. Fágtha Liom Féin.	M. Uí Dhonnachadha.	C. Mí Dhonnachadha.
26. Na Fíli Fáin.	T. Mac Dhíarmada.	M. S. ó Fatharta.
27. Larry Tompkins.	S. ó Conghaille.	M. ó Gríofa &
		B. Mac Donnacha.
28. Cogadh Cathartha.	M. Mí Chatháin.	A.M. Mí Dhonnacha.

SARAH

Ciaran Ó Fátharta

'Breathnú siar dom ar m'óige
nuair nach raibh mé ach deich
Ag spraoi 's muid 'nár ngasúir
mar ' choir do ghasúir a bheith,
Bhíodh mé féin agus Sarah
le chéile gach lá,
Ag sugradh ar na bánta
is ag rith ar an trá.

'Sarah, 'Sarah,
Cuiriminn inniu ort
's dá bhfeicfinn thú inné
'Sarah, 'Sarah,
Aingealín álainn
as Flaithis Geal Dé.

Bhíodh tú do mo leanacht
chuilc áit dá mbinn ag dul,
ar maidin ag fanacht
le dhul ag an scoil
Bhíodh fadóir ort dhul trasna
an Droichead mór cláir
Théadh an bheirt againn in éindígh
le chéile i ngreim láimh'.

'Sarah, 'Sarah,
Ní dhéanfaidh mé dearmad
ort-sa go brách,
'Sarah, 'Sarah,
Cailín deas macánta
logánta lách.

BUAITEOIRI CHOMÓRTAS NA MBAILÉAD 1989
S Ó Cualáin, (Coiste); S Ó Flaithhearta, (Ceol); P Kelly, (Heineken); B & E Nic Dhonncha, (Ponnadóir); T
Mac an Iomaire, (Cumadóir); T Ó Flaithhearta, (Ceol); S Ó Muir, (Clada Minerals).



D'imigh na blianta,
chuaigh ár gcairdeas i léig,
scar muid ó chéile
'n aois a sé bliana déag.
Mar a d'fuaidigh an bliath
is an boladh den rós,
d'fág tusa an baile
is nior fhili rú ar ais fós.

'Sarah, 'Sarah,
nuair a labhram ar spéirmhná
caithim t-ainm a lua,
'Sarah, 'Sarah,
nuair a chuirimíonn mé siar ort,
silim deora le cumha.

Feicim i gcónaí,
do shiúlin réidh cam,
is na súilíní donna
bhíodh ag lochrann 'do cheann,
s' chaol a ndéanadh tú gáire
is do lámha séimh mín,
's do ghruaig bhán
mar threisleán,
thar mhullach do chinn.

'Sarah, 'Sarah,
thabharfainn saibhreas an tsaoil
ach a bheith arís i do chlé,
'Sarah, 'Sarah,
ní thuigim, a mhuirín,
cén fáth ar thréig tú mé.

Tá na bánta anois feannta
níl éinne ar an trá,
cé go dtagann an taoille ann
faoi dhó chuille lá,
ach tá do chuirimhe fós fanta
is ní féidir é a cheilt
i measc an chonnabhlach seanbhád
an fheamainn 's an cheilp.

'Sarah, 'Sarah,
ní dhéanfaidh mé dearmad
ort-sa go deo
'Sarah, 'Sarah,
ní fhágfaidh tú m'intinn
an dá lá 's bheas mé beo.

GAISCÍGH GHASTA AHÁNE

Micheál Ó Siochrá

Ar an léinsigh ómra ghléigeal tá an ghrian ag mallsiú,
Tá ealta géis in ardghirreís sa snámh go suanmhar suaírc
Ag meabhrú chúcu lá a bhíodh ar scáil an tseanchaisleáin
Ag gaiscigh ghasa Aháne dhil ag luascadh mearchamán.

Tá na héisc go luath ag léimnigh i gCaisleán Ó gConaing caoin,
Tá na hiascairi cos-spréite ar chiumhais an tsrutha bhinn
Ag meabhrú chúcu gabháil a bhíodh in aimsir mhór bhradán
Agus gaiscigh ghasa Aháne dhil ag luascadh mearchamán.

Tá seanóirí liatha leochaileach' ag triall chuig deireadh lae,
Táid cromtha ar mhaidiúnrach' dearmadtha ar bhrúach an tsaol
Ag meabhrú chúcu maidl' bhíodh in aimsir nirt is áigh
Agus gaiscigh ghasa Aháne dhil ag luascadh mearchamán.

Tá cóir na ngéag go ceolmhar ag milsiú an aeir máguaird,
Is ceol an easa ghiórmhair le foghar ag tollrothlú
Ag meabhrú chúcu gréasa ceoil á seinm ar an mbán
Ag gaiscigh ghasa Aháne dhil ag luascadh mearchamán.

Do shíolamar i mbroinn Aháne Mick Mackey groí inniu,
Tá glas is bui na sámhiéinsí ag géilleadh mear don dubh
Ag meabhrú chúcu gaiscigh 'bhíodh i nglas is buí faoi bhláth
Agus gaiscigh ghasa Aháne dhil ag luascadh mearchamán.

Tá fuinseoga drúchta ag drithliú tar éis chianta fada fáis,
Táid fréamhach buan ródhóimhin san úir, ní bhfaighid choiche bás,
Ag meabhrú chúcu fuinseog 'bhíodh is a gearradh síos ón ard
Agus gaiscigh ghasa Aháne dhil ag luascadh mearchamán.

A bhufon na hóige, gabhaigí bród as an gceoltóir anois ina thost,
Breathnaigí uacht Mick Mackey romhalbh is greamaigí greim docht
Ag meabhrú chugaibh bhur ndúchas cúil go fuíoch go fóill ag tál
Agus gaiscigh ghasa Aháne dhil ag luascadh mearchamán.

DÁ BHFEICFEÁ MÉ

Barry Ronan

Ag fanacht, ag fanacht le scéal
Ag súil go bhfaighinn focal éigin uait
Mar deir tú go ngiaofa orm
Tar éis cúpla lá, tar éis beagán macnaimh.
Anois tá seachtain bailithe thart
Tá mo smaointe chomh dubh i mo cheann
Tá na laethanta ag imeacht go mall
Is mo chroí faoi phian.

Curfá:
Is, a stór, dá bhfeicfeá mé,
Briste, le briseadh croí
Ar nós an pháiste san oíche,
A bheadh gaibhte amú,
Is tú mo shaol, mo bheatha
An fáth a mhairim beo,
'S, a stór, dá bhfeicfeá mé, dá bhfeicfeá mé.

Níl sé éasca do chiall a choinneáil
Nuair atá neamhchinniteacht sa gcroí;
Táim siúlach ar scamall folamh
Gan bhrí, gan údar.
Is go gcoise, go gcoise mé,
An bhfuil aon áit agam i do chroí,
Táim ag fanacht, mo shaol i do laimh
Is fáilios orm.

Curfá.

AN BHFÉICFIDH MÉ NÍOS MÓ THÚ A STÓIRÍN

Tomás Mac Eoin

Tráthnóna is mise go huaigneach,
Is an saol do mo chlaoi, is do mo chra,
Labhair tú liomsa, a stóirín,
Is bhí aoibhneas arís a'm le fáil.

Curfá:

A' bhféicfidh me níos mó thú, a stóirín,
Ná do ghíór ciúin a' gcloisfidh mé go brách?
Tabhair ar ais arís an tráthnóna úd,
Is beidh aoibhneas arís a'm le fáil.

Shiúil tú go ciúin liom, a stóirín,
Is an spéir gan aon smúit os ár gcionn,
Dúirt tú liom ná bíodh brón ort,
Ach ní bhíonn brón ins an áit a mbíonn tú ann.

A' bhféicfidh me níos mó thú, a stóirín,
Ná do ghíór ciúin a' gcloisfidh mé go brách?
Tabhair ar ais arís an tráthnóna úd,
Is beidh aoibhneas arís a'm le fáil.

Cén fáth gur imigh an uair úd?
Cén fáth, a stóirín, cén fáth?
Sé mo bhrón agus m'uaigneas, a stóirín,
An uair úd nach maireann go brách.

Curfá:

A' bhféicfidh me níos mó thú, a stóirín
Ná do ghíór ciúin a' gcloisfidh mé go brách?
Tabhair ar ais arís an tráthnóna úd,
Is beidh aoibhneas arís a'm le fáil.

GAILLIMH

Seán Ó Curraoin

Gaillimh i gcéin is uaigneach
Fiesta gorm is aimsir bhreá,
Maingin cnónna i mo phóca
Cé gur eol dom na bóithre
Is fada an ród é go Gaillimh.

Gaillimh i bhfad uairm is ní i ngar dom!
Chuaigh mé siar go Gaillimh
Is tháinig mé aniar as Gaillimh
Is thug mé Gaillimh liom ar mo dhroim!

Tríd an machaire is tríd an tír
Fiesta gorm is aimsir bhreá
Mo chruachás go bhfuil Gaillimh bodhar
Is nach gcloiseann sí mé.

Gaillimh Bheag is Gaillimh Mhór
Gaillimh aimsir bhuanna is Gaillimh aimsir
churalochta
Mo dhíomá don chlaime gránna
Ar sparratardana Gaillimhe!

Gaillimh i gcéin is uaigneach.
Fiesta gorm is aimsir bhreá,
Maingin cnónna i mo phóca
Cé gur eol dom na bóithre
Is fada an ród é go Gaillimh.

RIABHÓG MHÓNA

Uinsíonn Ó hArgadáin

Is é a dúirt sí:

Éirigh, a Ghaeil,
Éirigh, a Ghaeil,
Éirigh, a Ghaeil,
Is abair leo stop.

'Sé dúirt mo riabhóigin liom aréir
Nár chall dúinne buaireamh níos mó
Tá 'n Eoraip dúl i gcabhair na náisiúineachai beaga
Is eireoidh le Clanna Fódhla crof aimsiú 'deireadh thiar,
'Dul dí isteach i lathair na cúirte
Iarradh cead labhartha 'dteanga na nGael
Do diúltaiodh an cead sin
Tá gorta ann dá réir,
Ó tá na bóithre leathan agus min
An bhfilfidh prionsaí na nGael go deo?

Éirigh, a Ghaeil,
Éirigh, a Ghaeil,
Éirigh, a Ghaeil,
Is abair leo stop.

Tá masmas fuacht intinne amuigh
Gurbh fhearr dúinne dul a foghlaim ..
An Fhraincis, an Ghearmáinis
In ionad teanga bhinn bhlasta na nGael.
A riabhóigin móna, ní léir dom do scéal.

Tá réidh leis an nGael
Gur fíor é an scéal
Buaili spioradálta le gairid
Sea brúch an Béarla
i gceannfar na nGael
Nó ar dóiche de Béarla
'Té is láiche amuigh.

Éirigh, a Ghaeil,
Éirigh, a Ghaeil,
Éirigh, a Ghaeil,
Is abair leo stop.

Ta plean ag mo ghrá bán
Ceann sóchais na casachta seo;
An Radio Gaeltachta chur a craoladh
Go luath is go mall
Le huaireanta breise
Is glan signal.

Le cúnaimh Dé is Muire
Brid Pádraig Colmcille
Ní rachaidh na toilbreachai i ndisc
Ná baol a thachtú
Do ghlór na nGael.
A riabhóigin móna
A riabhóigin móna
Is léir dom do scéal.

Beannacht Dé leat, a Mháirtín Breathnach,
Tá tú anocht i bParthas thuas;
Tá na hAingle uilig id' thimpeall,
Níl tú uaigneach agus níl tú fuar.

Bhíodh na daoine fút-sa a' magadh
Ag dúnadh doirse nuair a theiteá as ród
A' rá gur fear thú gan teach gan áras
ach i bhflaitheas na glóire beidh tusa rómh' b.

Bhinn-sé ag súil leat chuile Shatharn
Tine lasta a'm faoi do dhéin
Bhíodh sin againn comhrá geanúil
Ní bheidh sin arís a'ainn, faríor géar.

Nuair a chuaitas féin go raibh tú marbh
Sinte siar ar thaobh an bhóthair
Gan dearthair, gan deirfiúr, gan éinne id' aice
Ó, shuigh mé síos, shíl mé deoir.

Ach thóg Dia isteach thú ina áras
Bhain sé díot an clóca mór
Séard a dúirt sé "A Mháirtín, fáilte abhaile,
Ní bheidh ort siúl anois níos mó."

Ó, Beannacht Dé leat, a Mháirtín Breathnach,
Tá tú anocht i bParthas thuas
Tá na hAingle uilig i do thimpeall
Níl tú uaigneach - níl tú fuar.

Bhí an scribheoir úd ceart is cóir faoin méid a bhí sé a' rá,
Go bhfuil Caitliceachaigh gan aon chaoi ach ag athrú chuile lá;
Nuair a bhí leathshuim a dhéanamh dinn sea fuair muid
scéala as Tuaim,
Gur dhúirt an Vatacáin go bhfuil na sagairt gan
is go gcaithfidh muid fanacht ciúin.

Ach chuaigh an scéala i gcion ar an Athair Staunton is dúirt
gabhfaidh mé go hInis Meáin,
Is ní chuirfidh fuacht ná gaoth ná farraige aon fhaitíos orm ann,
Mar is iomaí fá fada a chaith mé ag dul trasna idir an dá oileáinín,
Is gan idir mé is an bás ach an canbhás is mé ar rá mo phaidirín.

Nár mhór an náire d'easpag is do bhráithre gan aon tseirbhis 'bheith ann,
Ní raibh aon duine ann roinneadh an t-aran ar na seandaoine 'bhi tinn;
Ná fáigh taom croi amach san oíche nó tú bheith rite amach as do phioll,
Thiocfadh biseach ort nuair a d'fheicfeá ' teacht Páraic faoina stíl.

Má bhí neart sagart fadó thail ag an Róimh ní thabharfadh an scéal anois ar ais,
Mar thug siad féin an chic a mharaigh an mhuc gan aon ordú as na Flaithis;
Níl sé sa mBlóbla ná in aon áit scríofa is ní raibh íosa ariamh á rá,
Ó, tá mé fógairt oraibh, a shagairt, is fanaigi ó na mná.

Fadó aimsir Mhaois' ins an seanaois bhíodh an chléir úd ceanglaíthe,
Bhí Áron pósta is é na shearbhónta is é ag déanamh míoruilití,
Ar fad inár ndiaidh ó bhreathnaíonn Dia gach ceird is chuile thaobh,
Bhí gear is cion aige ar Mháire Magdalen agus déanadh di naomh.

MO RÓS Ó DHOIRE NÉ

Dónall Ó Colchúin

Bhí an oíche ciúin, na réalta armuigh
'S an ghealach go hárd sa spéir,
Nuair a d'éalaigh mo ghrá, óna teach cois trá
Is d'ímighlomsa aréir.
Bhí bliáthanna ar thaobh an chnoic
Is tuilleadh ag an gcéibh,
Ach sí plúr na mban, mo chailín donn,
Mo Rós ó Dhoire Né.

Curfá:

Mo Rós ó Dhoire Né,
Mo Rós ó Dhoire Né,
Ach sí plúr na mban, mo chailín donn,
Mo Rós ó Dhoire Né.

Shiúil muid soir, go bruach na habhann
Le maidneachan an lae
'S gheall sí dom, go mbeadh sí liom
Chomh luath is bheadh sí réidh.
Go Boston Mass. más é ár leas
Nó áit i bhfad i gcéin,
Mo ghrá geal, 's mo stóirín bán,
Mo Rós ó Dhoire Né.

Curfá.

Nuair 'bheas muid thall, ní bheídh mé dall,
Ach ag réiteach i gcomhair an lae,
Nuair a bheas mé pósta le mo ghrá,
Mo Rós ó Dhoire Né.
Béidh deireadh leis an saol mar 'bhi
'S saol breá a' ainn i gcéin,
In éineacht le mo mhíle grá
Mo Rós ó Dhoire Né.

Curfá.

SMAOINTE

Tomás Mac Eoin (Focail)
Risteard Dónal Mac Aodha (Ceol)

I smainte, a stóir, an mbeidh tú liom
Is an samhradh arís faoi bhliáth
Nuair a thagann an drúcht ón spéir gan smúit
Is na bliáthanna is cumhra ag fás?

Curfá.

I smainte beidh tú i gcónaí liom,
Níl ach smainte anois le fáil.
Is é mo bhrón is mo chumha gur imigh an uair
Nach bhfuil níos mó le fáil.

Nuair a shiúlim liom cois cuain go ciúin
Ag fóratocht fuaiscaill' ar mo chás,
Ó cloisim arís do ghiór mar bhíodh
Nuair a labhair tú liom ar ghrá.

Curfá.

Uaigneas, tuirse, brón is buairt
A thagann i ndiaidh grá;
Dá leigheasfadh smaointe buarthaí an tsaoil,
Ní bheadh a leithéid ann.

Curfá.

Tiocfaidh arís bliáth ar chraobh
Ag teacht leis an iá breá -
Ach mo bhrón an uair úd nach dtiocfaidh níos mó,
Mar a thagann bliáth ar chrann.

Curfá.

Brian Ó Baoill

Bratach dhubh

Cad é 'tá sa Bhratach dhubh
Cath ar éagoir, bás inniu,
Grá go bás an Bhratach dhubh.

Is oth liom

Bás an té is ansa liom
Mac na mná ón áit thiar
'Na luí, is cros os a chionn.

Screadann píob

Paidrín páirteach i mo láimh
I riocht mhairbh ar modhroim
Análu chairde le mo thaobh.

Stone an oilc

Mharaigh lucht chaoin gan airm
Milltown, cois uaighe, sa chill,
Ritheann rua shruth d'ár bhfuil.

Dúnmharú

Gibraltar ionad an áir
Scéin! Bás gan fogra don triúr
Molann Thatcher le ard ilú

Sasanaigh

Dhúnmharaigh de réir a bpleain
Mairéad Farrell, Dan McCann
Sean Savage, beirt fear is bean.

Scuabáil chos

S.A.S., ón chúil, de ráig,
Rois philéar, 'nagriathair táid,
Sruth d'fhuil Ghaelach ar an tsráid.

Inárdtreo

Corparail Wood agus Howes
Gan éadaí airm, ach airm leo
Saighdiúirí faoi cheilt, gan gó.

Trom an tuairt

Trom, trom, na buillí á dtabhairt
Ríth is screadall, scéin is buairt,
Buillí trom, tuairt ar thuairt.

Fuil, fuil, fuil,

Ó céadsáitheadh scian 'nár mbroin
Uafar an fuath a ghin
Éagoir Shasana ó shin.

AN CEADÚNAS IASCAIREACHTA

Liam Ó Donnchadha

Ar maidin moch do ghabhas amach
Cois na Coiribe liom féin;
An báille a'teacht aniar aneas
I ngan fhios dom, mo léan!
Isteach sa mbád a d'ímigh mé
Mo mháilín le mo thaobh
Do ghluaiseas liom go deas roighin ré
Amach ó bharr na cé.

Bhí an ghrian go hard is an lá thar barr
Is ba ghearr gur éirigh gaoth;
Nár mhór an spóirt bheith ag iascaireacht
In aimsir bhreá mar!
Do sheolais soir is siar arís
Ag scaoileadh uaim an líon
Tar éis uair nó dhó ar mo sháimhín só
Bhí mo mhála lán le héisc.

Do dhruid an báille breá le m'ais
Ina bháidín fada caol.
Do bheannaigh sé go múinte dom
I dteanga bhinn na nGael.
Do bheannaíos dó go macánta
Is ansin do labhair sé:
"Ó táim ar thóir do cheadúnais
An bhfuil sé a't faoi réir?"

"Ó, a chara cóir, foighid ort go fóill
Is ná héiligh orm é.
Ní faic agam le taispeáint duit
Ach siat iascaigh is éisc.
Tá cead ag chuile dhuine, Muis,
Má thig leis, breith ar éisc
Is ní údar ag do leithéid(e)
Ar gceart a bhaint dinn féin."

"Ó tá dlí sa Dáil is ní mór a rá
Gur fearr an táille 'foc.
Ná fineáil throm bheith gearrtha ort
Is bainfead díot an 'gear'
Tá tréimhse fhada príosúin 'nois
Ar choirpigh ó gach taobh
Is má chiontaítear ins an gcás seo tú
Beidh aiféal(a) ort dá réir.

"Tá buidéal beag sa mbád agam
Más mian leat braon a ól
Togha poitín é gan bhréag ar bith
Aniar as Leitir Móir.
Ní for bhlaís tú riamh a shárú siúd
'S ní bhlaísfidh tú go deo!
Bíodh sé a't anois is ná labhair smíd
Faoi an eachtra seo níos mó".

Do ghlac sé leis an mbuidéal úd
Agus rímead ar a cioró
"Nár laga Dia go deo do lámh",
Ar seisean liom go buíoch.
"Ímigh leat ag iascaireacht
Go sásta ar do mhian
Is déan dearmad ar an deabhal ceadúnas
Ní labhróidh mise faoi".

LASAIR AN GHRÁ

Dónall Ó Cuill

An lá breá aoibhinn Earraigh úd
'S mé ag siúl sa tsraid,
Sea casadh cairde geal' orm
'S iad lámh ar lámh;
Bhí Cáit ann agus Cathal Óg,
Bhí Máire ann is Seatharún,
'S do líon mo chroí dom chailínse
Le lasair an ghrá.

Lasair an ghrá, lasair an ghrá,
Do líon mo chroí dom chailínse
Le lasair an ghrá.

Ní dhéanfaidh mise dearmad
Ar lasair an ghrá,
Ná na cairde caoine ar m'aithne
Nach dtreigfeadh mé go brách;
Tá Cáit i ngrá le Cathal Óg
Is Máire i ngrá le Seatharún,
'S ní fhágfaidse mo chailínse
Go brách, brách, brách.

Lasair an ghrá, lasair an ghrá,
Do líon mo chroí dom chailínse
Le lasair an ghrá.

SEARC GRÁ

Oscar Grant

Is brónach mo chroí-se, is brónach mo bheatha,
Is brónach mo chroí-se, is brónach mo bheatha,
Is brónach mo chroí-se, is brónach mo bheatha,
Mo ghrá geal i gcrúachás gruama.

Bhí sí dathúil is bhí sí álainn,
Loinnir 'na súile is a cuid gruaige gleoite,
Fiacla geala mar sheoda péarlach,
Uchta bána is géaga fada.

I measc rinneoirí do chas mé uirthi,
Bhíomar le chéile i rith na hoíche,
Ag dul abhaile bhí caint agus cómhra,
Le himeacht ama do mhéadaigh an grá.

Oíche amháin, do theip ar mo ghluaisistéán,
D'ímigh sí féin an bóthar uaigneach,
Scata bligeárdal ar an mbóthar céanna,
Do scrios siad í, as a meabhair atá sí.

I dtig na ngealt, i dtig na mbrón-chaoi,
Gan chéill, gan réasúh, gan suan, gan stuaim,
Beidh sí ansin, go deireadh a scríbe,
Go deireadh a beatha, go lá a fuascailt.

Bím brónach ar maidin is brónach ist oíche,
Bím brónach ar aifreann is brónach ag féile,
Bím brónach ag obair is brónach ag damhsa,
Fá bhrón a bheidh mé im' chónra dúnta.

Insan gcathair gheimhriúil anseo i Chicago
Pádraig Ó Scanláin

insan gcathair gheimhriúil anseo i Chicago
Ó, a mhúirín, tá do lámha ag reo
Ó, a dhiabhail, nach fuar é an geimhreadh
Nuair atá cailín sciámhach ag caitheamh cóta mór.

Tá duilleoga an Gheimhridh ag titim
Go mall a thiteann siad ar an bhfód;
Ní raibh aon chaille ar an Samhradh anuraidh
Ach i ndiaidh an aimsir sin caoinim deoir.

Tá na géabha ag teacht ón mol thuaidh
Ó, is Geimhreadh feannta a bheas ann;
Tá na meachain bailithe a chodhladh
Is tá cuma fuar air ins gach ceard.

Ó, nach fuar é an Geimhreadh nuair a thagann;
Bíonn m'atai sneachta ins gach gleann;
Ó, nach fuar é anseo i Chicago
Téann an aimsir seo isteach go cnáimh.

Ólaim pionnta is caitim toitin;
Bíonn uaigneas orm leis an fhirinne a rá;
Níl an pionnta in ann an cumha a mhúchadh
Ní dheanfaidh sé é ach seal beag gearr.

Tá deora goirte ag teacht óm shúile;
Sin é an chaoi a bhfuil mé chuile lá,
Ach tá mé chomh fada anois imithe
Is go Conamara ní thiocfaidh mé arís go brách.

Cá ndeachaigh an nóinín, níl le feiceál?
Cá ndeachaigh an tulp is an rós?
Ó, tá sé fuar anseo i Chicago
Is seanfhear craite a bhfuil a chuid fola ag reo.

Ar bharr na gcnoc ní féidir seasamh
Ach tá sé níos measa i gcathair cheo,
Ó, nach ormsa a bhi an mí-ádh;
Tá mo bhean is mo pháistí curtha i bhfód.

Ar Phádraig Naofa ní raibh aon pheaca
Ach tá siad ormsa mo chreach is mo bhrón;
Sílím deoir is iarraim paidir
Mar faoi m' anam tá imní mhór.

Ach bíonn dícéille ar an duine;
Chaith mé m'óige le deoch is ceol
Dá mbeadh breith agam ar m' aiféal
Ní fhágfainn an baile arís go deo.

B'fhearr liom sa mbaile ar arán is salann
Cúpla fata is pionnta beoir
Ag dul tí Mharcais chuile Shatharn
Is de mo ghrá geal bhainfínn póg.

Gála, baisteach, ó tá sé ag teacht le teannadh
Beir ar m' ascaill anois go beo;
Ó, is fuar é anseo i Chicago
Ag seanfhear craite a bhfuil a chuid fola ag reo.

Insan gcathair gheimhriúil anseo i Chicago
Ó, a mhúirín, tá do lámha ag reo;
Ó, a dhiabhail nach fuar é an geimhreadh
Nuair atá cailín sciámhach ag caitheamh cóta mór.

Ag Féile na mBád, a ghrá geal, 'sea chonaic mé thú,
 Ag siúl cois na trá is an gála ag cioradh do chúil;
 Bhí do bhéilín ag gáire is dob álainn é leagan do shúil,
 Is thit mise láithreach i ngrá le mo chailín deas ciúin.

Bhí an grá ar feadh ráithe ag fás mar bheadh crann óg sa choilí,
 Tháinig t-athair go náimhdeach le lámh láidir is ghearr an bhliáth buí,
 Go Londáin na nGall chuir sé sál thú go bhfaighfeá do chiall,
 Is d'fhan mise ag sclábhatocht sa bháisteach le báid is le hiasc.

Ó scéala ná tracht ort, a ghrá gheal, ní bhfuair mise riamh,
 Nó gur phós tú fear láidir breá cáiliúil ag deireadh seacht mbliana;
 Ó d'fhág sin croí cráite mé gan áthas i ndán dom sa saol,
 Ach i gconai ag sclábhatocht sa bháisteach le báid is le hiasc.

Ag Féile na mBád cúpla lá ó shin chonaic mé í,
 Ag siúl cois na trá is a bánfholt dá scuabach le gaoith;
 Bhí a béilín ag gáire is dob álainn a grua mar chaor,
 Is bhí mé óg láithreach i láthair mo chailín deas caoin.

"A chailín óg dathúil, cé as thú nó cá bhfuil do thriall?"
 "Iníon mé le cailín ón gceantar a dibriodh as an tír."
 "Ó a chailín óig dathúil, nach maith a tá fhios agam cérbh í,
 Thug sí gearn dom seal gearr is dob fhearr é ná áilleacht an tsaoil."

Curfá:

Ná himigh uaim, ná himigh uaim, ná himigh uaim,
 Ná himigh uaim, ná himigh uaim, ná himigh uaim,
 Sé 'n grá a thug le chéile sinn,
 An grá a chuir sna néalta sinn,
 An rud is mó sa saol againn,
 Ná himigh uaim, ná himigh uaim, a stór.

Bliain ó shin a thánamar le chéile,
 Bhí solas álainn aoibhinn ins an spéir,
 Bhí cumhracht ins an aer is bliátha timpeall,
 Is ceol na n-éan le cloisint ar gach géag,
 Is thiteamar i ngrá ansin le chéile,
 Do líon ár gcroí le haoibhneas is le bród,
 Is phógamar go díli i measc na néalta,
 Is gheallamar nach scarfaimis go deo.

Curfá:

D'fhanamar gach lá ansin le chéile,
 Is d'fhás ár ngrá is bhíomar lán den séan,
 Ní raibh rud ar bith nach bhféadfaimis a dhéanamh,
 Bhí mise agus tusa ar bharr an tsaoil,
 Ach tháinig lá gur athraigh ár saol-na,
 Is cheapamar go scarfaí sinn, mo bhrón,
 Ach bhuaigh an grá arís de réir a chéile,
 Is geallaimid nach scarfaimid go deo.

Curfá:

DEIREADH AN DOMHAIN

Diarmuid Ó Gráinne

Nuair a dhúisios ar maidin
D'éistfós le ceol na n-éan
A dhath ní raibh le cloisteáil
Ach bunnán loinge i gcéin.

Cá ndeachaigh an smólach, d'fhiafraíos,
An Ion, an cheirseach bhinn,
An spideógín a d'fostadh péist
Ó spáid i ngarraí glinn.

Ó, an riabhóg níl le cloisteáil
Ná glór an traonaigh luath
A neostadh do na feirmeoirí
Go raibh báigh le baint go luath.

Nuair a d'éiríos amach ar maidin
An cág a bhí sa gcránn
Ba ghránna é in aghaidh an toit
An smúit, 's gan duiliúr ar an gcránn.

Ós cá ndeachaigh na duilleoga
Is glaise glan an fheir
Seasann crainn anois go dúbhach
Mar spiacáin mhairbh léith.

Curtá:
Ó 's mharaigh muid na duilleoga
Is mharaigh muid an cránn.
Is mharaigh muid na héiníní
Thug moladh do Dhia na nGrást.

Tá an fharraige ina bréanlach
An t-iasc ní mhaireann ann.
Tá na clocha nocht, gan bhia gan fhóit
Gan snámhaí ag dul ann.

Curtá:

Ó 's mharaigh muid an fharraige
Is mharaigh muid an t-iasc.
An t-uisce sáile mharaigh muid
Margheall ar chraos is míasc'

Im shuí anseo cois abhann léith
Is an smúit ag clúdú gréin',
Ní heol dom lá ná oíche
Ní chloisim ceol na n-éan.

Ní airim an smólach
An Ionduibh ná an chuach
Níl an traonach ins an mbáinseach
Chuirfeadh mé chun suain.

Is, a Dhia, céard a rinne muid
Leis an domhan seo aoibhinn, suairc.
Mharaigh muid é le neamhshuim
Le craos, le seiléig is fuath.

Ó 's mharaigh muid an fharraige
Is mharaigh muid na héisc
Is mharaigh muid na héiníní
Thug moladh do Dhia ar ghéag.

NÁ BÍ AG BRIONGLÓIDIGH

Máire Uí Iarnáin

Ná bí ag brionglóidigh;
Ná bí ag brionglóidigh
..... brionglóidigh.

Tá cailín deas agam féin
A bhíonn go síoraí, síoraí 'titim i ngrá
Is ó casadh léi an buachaill caol ard
Níl ina ceann ach féileacáin;
Is ní féidir aon ní' dhéanamh faoi
Caitheann sí an saol ag brionglóidigh.

Ná bí ag brionglóidigh;
Mar brisfidh siad do chroí;
Ná bí ag brionglóidigh
Ná caith do shaol ag brionglóidigh.

Tá beanín bheag sa tsráid
A thug a croí d'aon fhear amháin;
Ó gheall sé di gach a bhfuil le fáil
Is bhailigh leis don Spáinn...
Is ní thioctaidh sé ar ais arís go brach
Is céard is féidir a dhéanamh faoi ?

Ná bí ag brionglóidigh;
Mar brisfidh siad do chroí;
Ná bí ag brionglóidigh
Ná caith do shaol ag brionglóidigh.

Is a bhfeiceann tú an lánúin siud thall
Atá go mór is go domhain i ngrá ?
Caitheann siad a saol gan díon os a gcionn
Ach iad ag fánaíocht anonn is anall
Ach is cuma leo, cén fáth ?
Maireann siad ina mbrionglóidí.

Ná bí ag brionglóidigh;
Mar brisfidh siad do chroí.
Ná bí ag brionglóidigh
Ná caith do shaol ag brionglóidigh.

Tá cúpla thoir sa ngleann
Is tá siad ann le fada, fada an lá;
Thóg siad a gclann gan cháim is gan náir'
Is a gcomhairle dóibh gach lá ...
"Ná bí ag brionglóidigh,
Seachnaigh na brionglóidí
Seachnaigh na brionglóidí
Mar brisfidh siad bhur geroí."

Ná bí ag brionglóidigh;
Mar brisfidh siad do chroí.
Ná bí ag brionglóidigh.
Ná caith do shaol ag brionglóidigh.

Ná bí ag brionglóidigh;
Mar brisfidh siad do chroí.
Seachain na brionglóidí
Ná caith do shaol ag brionglóidigh.
Ná bí ag brionglóidigh
Ná caith do shaol ag brionglóidigh.

Ná bí ag brionglóidigh;
Mar brisfidh siad do chroí.
Seachain na brionglóidí
Ná caith do shaol ag brionglóidigh.
Ná bí ag brionglóidigh
Ná caith do shaol ag brionglóidigh.

SUANTRAÍ BHREANDÁIN

Brid Bn. Uí Chadhain

Codail, a leainín, codail, a ghrá
Tá Mamal ag faire 's ag gúí chun ár máthar
Go scara sí a brat ort le thú 'choinneál slán
Go leaga sí a lámha ar do chloiginnín ban.

Curfá

Codail, a leainín, codail, a ghrá
Codail, a mhúirnín, codail go sámh.

A Mháthair na cruinne, a Mháthair an tsaoil
Cumhdaigh mo stóirín is é ina lúí,
Coinnigh ó oic é, coinnigh uaidh pian
Impím ó chroí ort, sé cuisle mo chroí.

Curfá

Codail, a leainín, codail, a ghrá
Codail, a mhúirnín, codail go sámh.

D'iompair tú maicín i do bhroinn ró-mhín
Rug tú sa stábla é gan éadach gan lín
Thóg tú go sásta é le foighid is le grá
Ach lean tú go bás é, ba mhór é do chrá.

Curfá

Codail, a leainín, codail, a ghrá
Codail, a mhúirnín, codail go sámh.

Ar thuras na croise d'fhág sé leat slán
Is ortsa d'iarr sé bheith i do mháthair do chách
Iarraim mar sin ort, is do chroílán le grá
Fáinic mo mhúirnín go dtiocfaidh an lá.

Curfá

Codail, a leainín, codail, a ghrá
Codail, a mhúirnín, codail go sámh.

LÉIM AN BHRADÁIN

Joe Welby

Croch leat páipear na maidne
Fág scéal ag fear an bhainne
Fág slán ag an dream béal dorais,
Cé gur minic muid ag caitheamh anuas orthu.

Cuir glaoch ar Sheán Ó Ráinne
An t-aon duine aireos mé uaim
Fág an eochair ag an uinéir
Is ná bac leis gcios atá ag dul dó.

Curfá

Dá mbeinn taobh thiar de Léim an Bhradáin
'S an chathair seo 'mo dhiaidh
Chuirfinn síos an bhrog 's as liom go beo
'S ar Chonamara bheadh mo thriall.

A Chonamara, nach tú atá álainn
Nuair a fheicim thú i lár an tSamhraidh
'S an ghrian ag scaladh ar do shléibhte
'S siad mar bheadh mná uaisle i lár an tséipéil.
'S nach iomaí cnocán le fraoch ag fás air
Idir an Spideál agus Carna
Le hais an chathair ghruama ghránna
'na gcaithim mo shaol ag líonadh páipéir.

Curfá

Chuir mé scéal acu sa mbaile
Ag súil go mbeadh siad liom ag fanacht
Ag an ngeata ag a trí a' chlog
Ach ní bheadh muid ann go mbeidh sé an sé a' chlog.

Anois, a stóirín, ná bíodh ort imní
Ní bheadh sé i bhfad go mbeidh muid imithe
'S tá a fhios acu thiar le ciall cheannaithe
Go mbíonn muid mall i gcónaí.

Curfá

AN GRÁ

Brid Bn. Uí Dhonnacha

Tá cailín óg san áit, taobh thall den gheata bán,
Ar a dtug mo chroí go mór, mór grá di,
Bhí a grua ar dhath an óir, is a béilín leathan tiubh,
Is a dá súilín chomh cruinn le háirne.

Dá bhfeiceá-sa mo stór, is í ag déanamh orm san ród,
A coisméig go luachmhar álainn,
Bhí a foit ar dhath an óir, is í ag titim léi ina hór
Is a cíocín síos lena sáta.

Tá mo dhoilios croí chomh mór, is nach mairfidh mé i bhfad beo,
Muna bpósaídh mé an ógbhean álainn,
Bíonn mo chroí istigh dá dhó, lá nach bhfeicfidh mé mo stór,
Ach, a stóirín, ná treig mé choíche.

Dúirt mé le mo stór, tar anall liom go fóill,
Go dtabharfaidh mé duit póigin ó mo chroí istigh,
Mhéadaigh a súille chomh mór, is theann sí liom anall,
Is d'fháisc muid go dlúth lena chéille.

Is, a stóirín geal mo chroí, ná himigh uaimse choíche,
Tá a fhios agam anois gur tú atá i ndán dom,
Imeoidh muid ar fud an tsaoil, is beidh muid in éineacht choíche,
Is fágfaidh muid sían ag gach taobh dinn.

GLEANN ÉADAIN AOIBHINN *

Colm Mac Conthaola

Ó, éalaigh liom a ghrá mo chléibh' i bhfad ó bhuairt is briseadh croí,
I bhfad ón bpian atá ad' chialaí. Tar liom go gleanntán aoibhinn Éadain.
Geobhair sóláas ann i measc na gcrann 'tá ag fás go hard ós cionn an ghleanna.
Tá an iondubh ann ag teilgeadh seoil is an smóilach breac go binn á fhreagairt.

Mo chreachadh crua tú sínte tinn, an phian ad' chrá le blianta fada.
D'éadan álainn bán gan sceimh, do cholainn aoibhinn spionta cráite.
Tar liom a ghrá, tar liom gan mhoill go gleanntán álainn uaigneach coilíteach;
Is ann a gheobhaídh tú spás ó phian, is fillfidh do shiáinte is do gháire.

Ó, tréig an baile. Tréig an píod - an stracadh síor is an tranglam tráchta,
Is éalaigh liom go gleann faoi rún. Beidh faoiseamh ann dod' spiorad cráite.
Tá abhainn an tSamhaidh ag cur thar maol, ag búirfí léi thar eas is carraig.
Ar linnte dorcha tá cur geal bán is i linnte ciúine na bric ag faire.

Ó, éalaigh liom a ghrá is a mhian, i bhfad ó thinneas pian is céasadh.
Tá an coinín ann ag ithe feir, is an t-iorra rua ag léimt ar gheaga.
Imeoidh na blianta ó do chroí. Beidh tú arís go meidhreach aerach.
Beidh féileacáin thart fá do cheann, is mise fein go ciúin ad' bhréagadh.

* Tá gleann álainn i ngiorracht cheithre mhíle do bhaile Loch Garmain, i nganfios don saol mór. Gleann Éadain nó The Eden Vale a tugtar air agus más mian le duine focshláinte anama agus sóláas croí a fháil níl le déanamh aige ach dul ar cuairt ann.

GAILLIMH

Micheál Ó hEidhin

Fáiltimid romhaibh fré chéile
Ó chuide cheard is réigiún
Go Gaillimh, croí na féile
Tá cúig céad bliain ag fás;
An Chathair stairiúlársa
Le Méara agus Bardas
Is déanaimis comhghairdeachas
Le ceol is spraoi is dán.

Bhíodh báid ag teacht ón Spáinn ann,
Luchtaí le fion 's biotáille,
Le hearraí crua is grán
Agus leathar, síoda is sróí,
Ag teacht le tuile taoille
Ó cheann go ceann na bliana
Faoi sheolta geala, míne,
Ag dul anoir le cóir.

Na hiascairí go gníomhach
Ag iarraidh a mbeatha a shaothrú
Le currachaí is líonta
Faoi chruatan is anró,
In aghaidh gaoithe agus gáta
Agus tonnta móra arda,
Le spreacadh is neart a lámha
Amuigh sa teiscinn mhór.

An teampall uasal ársa
Go siorraí ag coinneáil garda
Ó n uair thug Columbus cáiliúil
A aghaidh ar an Oileán Úr,
An Choirb is í go tinnmhar
Ag freastal ar na glunta
Ag cur rothaí muilte ag gluaiseacht
' Meilt choice, eorna is plúir.

Caisleán mór Uí Loinsigh
Faoina bhfuil neart scéalta inste,
Cé go bhfuiltear fós neamhchinnte
De na heachtraí úd go léir.
Ach creidtear fós gur tharla
Gníomh dána, dúr, dólásach
An breitheamh cóir, cruálach
A chroch a mhac faoi bhrón.

Ach glóir do Rí na nGrásta
Go bhfuil i ndeireadh dála
Ardeaglais maorgaálainn
A mhairfeas ann go buan,
Nach leagfaidh gaoth ná gála,
Ná tonnta tréana báistí,
Martá sí daingean láidir
Ar shuíomh an tseanphriosúin.

Nach iomaí creatúr cráite
A d'fhulaing pian is náire
Sa phriosún uafar gránna
Is iad coinnithe faoi éagóir;
Ach míle glóir don Ardri
Go bhfuil an t-athrú tarlaithe
Tá pobal Dé go cráifeach
Ag adhradh ann de ló.

Is iad na treabhanna bhí buacach
Le saibhreas agus ciumhachta
Agus choinnigh Gaeil bhocht brúite
Ina gcathair dúchais féin.
Ach is mairg a bheadh go cruachroíoch
Tá siad féin 'nois scaipte ruaigthe
Sliocht a sleachta ins chuíe dhúiche
Agus saoirse arís faoi réim.

Ach críochnó' mé mo dhán
Tá mo chuid féin cheana ráite,
Guim sonas, séan is síainte
Ar Chathair chaoin na d'Treabh;
Mór bheannacht Rí na nGrásta
Is cumhdach Mhuire Mháthar
Gach cabhair ó Níoclás mánia
Is creideamh Chríost gan mheath.

FÁGTHA LIOM FÉIN

Máire Bn. Uí Dhonnachadha

Tá na réalta ag soisiú ins an spéir anocht agus mise anseo liom féin,
I mo shuí ar bhinse ar chúil an tí is ní fheicfidh éinne ann mé;
Tá na deora ó mo shúile mar bheadh báisteach ag teacht ón spéir,
Do litir fós im' lámh agam ach céad faraor níl tú féin.

Nuair 'bhí do litir léite agam ní mór náir chreid mé an scéal,
Anois tá tú imithe uaim go tír i bhfad i gcéin;
Thug tú grá do chailín breá a casadh leat sa nGréig
Ach beidh tú i mo chroí istigh go sinfear mé faoin gcéir.

Ní chreidim fós gur imigh tú go tír i bhfad i gcéin;
Cheap mé dá bhfaighinn malairt saoil nach mbeadh aon bhean
agat ach mé;
Na geallúintí a thug tú dom go gcuirfeá fáinne ar mo mhéar,
Go mbeifeá ag an altóir romham os comhair an tsagairt is chléir.

Nach trom atá mo chroí-se anocht, cé thógfadh orm é,
Mo ghúna pósta ins an gcófra istigh nach gcaithfidh mé go héag,
Do leanbh ag glaoch orm is é ag comhrá go beag leis féin;
Nach mé bhí bródúil an lá ar dhúirt tú liom gur chosúil é leat féin.

Tá an spéir anois ag dorchú, ní fheicim ann aon réalta;
Tá gaoth ag teacht ón bhfarraige, tá ciúineas ann dá réir;
Éireoidh mé den bhinse seo, siúfaidh mé mall réidh
Isteach san doras cúil san áit deireaneach ar phóg tú mé.

Mó ghrá-sa go deo iad na filí fáin
 A chumadh prós agus ceol, is na mílte dán
 Aniar óna seact sirsir, le ciall gan cháim
 Le linn na seanríthe agus aníos ón Táin.
 Máire Bhul Ní Laoire, ó na Gaorthal anall
 Seán Eoin na linte-míofain, ó na Millimí tháil
 Dónal Ó Ceocháin na féile, le bhéarsal is cáil
 Agus file mílis na smaointe, an Súibhneach-meánn.

Aogán Ó Raithile, na Laoithe is na ndán,
 Agus Piaras Feirtéar, file géar na ráinn
 Ach file macánta le cruinneas, le ceol is fuinn
 An máistir gan gruaim, Eoghan Rua an bhéil bhínn.

Filí na Máighe, Seán Clárach, Ó Tuama is Mac Craith
 Agus Brian Mac Giolla Mhéidhre, ó Chaoi Choill an Chláir,
 File na shuí go meánoíche, is arís go dtí dúscadh ar lá
 An file a dhúisigh an Chúirt agus a mhúscail i arís sa Dáil.

Tam Nana Ó Lochlainn, an file ó chiúmhaís an Trá Bháin
 Colm de Bhalís na n-amhrán le cumas, ar stíl na mbard;
 File eile le friotal is focal da dtochras go cruinn 's go hard
 Micheál Ó Clochartaigh caoin, aniar ó Litr Caladh na mbád.

Seán Bacach Ó Guairim, aniar ó na Sgéird/crua
 Agus Féilim an Léinn, ó aithghiorra an Mhama anuas;
 Val 'ac Dhonncha 's Beartlín, le hais Chill Chiaráin na Long
 Agus an bheirt dreachar, ag cumadh na rann thiar ar Áill na Brún

Micheál 'Ac Suibhne, File na nAmhrán is na nduan
 Is fill an tsléibhe óna harda ó thuaidh,
 A bhí ag riamh na bhéarsal ó chiúmhaís Loch Measca
 Go dtí Bruacha na Coiribe thíos ó dheas.

Riocárd Bairéad na nAmhrán, ó Iorras aniar le dán,
 File súgach, spóirtúil, "phreab san ól," le ceol is greann;
 Cathal Buí Mac Giollaghunna, ó chlárghlas na nÉirne anall
 Agus Antaine Ó Raifeirí, an file bocht, uasal, dall.

Agus an file dall eile Mac Cuarta na bhfuinn, ón Macha anuas
 Agus Art Mac Cubhaigh, ó Ghlas Dromand na gcnocán crua;
 Ó Oirealla is Fochairt na nduan, is an cheoil bhí binn,
 Bhí Peadar Ó Doirnín na bhéarsal, na nÉigsí 's na siollaf míne.

Tá an dán ag fáil fada agus caithfear é 'ghlórú in am
 Is gan comhairleamh ar na filí agus bhí na mílte acu ann;
 Dream nár smaoinigh riamh ina saol ná 'na gcroí istigh ina lár
 Go mbeadh Éire go deo ina Cúige, faoi lúib ná faoi chrúib ag Gall.

Ach beidh a cuid filíochta i gcónaí dá haithris le cliú i ngach clúid go hard
 A cuid amhrán dá gcasadh, le gradam, le meas is le ceol na mbard;
 Le fonn is le sear-nós an dúchais, ó gach cúige 's cúinne le cáil
 Dá gcasadh is dá gcanadh, tud na Banban, Chrích Fódhla 's Chrích Fáil.

LARRY TOMPKINS

Seán Ó Conghaile

Tá réalta móra spóirtagáin
Sna condaetha anonn 's anall
Joe Cooney leis an gcamán
Agus Larry Tompkins leis an mball.
Sé an laoch é i g Castlehaven
Agus go deimhin i gCúige Mumhan
Tá a ainm ar fud na hÉireann
Agus go hard san Oileán Úr.

Curfá:

Mo ghrá thú 'Larry Tompkins
Níl do leithéid eile ann
Níor fáisceadh aon bhróig peile
Ar aon laoch ariamh níos fearr.

Nuair a chaitear isteach an liathróid
Ní theastaíonn uatha ach cic ón lár
i 'chur isteach i lámha Tompkins
'S tá an chéad scór ar an gclár.
Tána leads eile ar fad thar barr
Ach tugann Larry dóibh an treoir;
Marach é bheith i gCroke Park an lá úd
Bheadh Sam ó thuaidh i Maigh Eo.

Curfá.

Nach breá go deo i an óige
Uimhir 11 á triailamach
Cur spórt ar fáil do na milte
'Gan ann uilig ach craic.

Tá caighdeán na peile ag isliú
Tá condaetha nach dtiocfaidh slán
Ach fad is beo do Larry Tompkins
Ní baol don dearg ná don bhán.

Curfá.

Anois tá an ónoir bronnata air
Tá sé ina chaitaen ar an tréad
Nach é chuirfeas fir na maitheasa
Isteach sna cheithre fhear déag.
Nach aobhinn Dia don óigfhear
Agus é fós i dtús a shaol
A mhuintir óg na hÉireann
Tógaigí sampla ón bhfear Cois Laoi.

Curfá.

Noel Mac Donnacha



AN CHEATHRÚ RUA

*Busanna ar Hire * Turais Scoile*

*Bingo * Portach.*

Sa mbaile agus thar lear.

Fón 95111.



ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN

Riaradh: Pleananna Gaeilge do Theaghlach gan Ghaeilge.
Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí agus do Dhacine
Fásta ó Charna, go Corr na Móna go dtí An Spidéal.
Pleananna Gaeilge i gcomhar le Coistí Aitiúla,
agus Comharchumainn.

Reachtáil: Scéim Postaíochta Sóisialta: Deiseanna oiliúna
cbeair oifige, cumarsáide, ríomhaireachta.

Reachtáil: Cúrsaí éagsúla buanaithe Gaeilge:
Próiseáil Focal, Ceamara Físe, (Video), Ealaíon,
Cniotáil/Fuáil, Céadchabhair & Seiteanna.

Maraon le seirbhís leabharlann Ghaeilge, seirbhísí
oifige..clóscríobh, fótachóipeáil, facs.

Gan trácht ar: Dianchúrsaí Gaeilge do mhic léinn, & do
dhacine fásta, Cúrsaí Gaeilge LSS do ghrúpaí

Go n-éirí go gceal le Comórtas Ambrán Muachumtha 1990.



COMHDHÁIL NÁISIÚNTA NA GAEILGE

86 Sr. Ghardnar Íocht. B.Á.C. I; Teil. (01) 365572
Faics (01) 366846

AN FÁINNE

Suaithéantas na Gaeilge

GLÓR NA nGAEL

*Ag fogáil pobal le nasc
na Gaeilge*

EOLASLANN

Seirbhís eolais don phobal

FEACHTAS


*Oideachas; Craolachán;
Eaglais; Óige*

COLÁISTÍ SAMHRAIDH

Eolas faoi 55 coláistí

CLÓDÓIRÍ
CLOE - DOOREE
CLOWDOORI
CLO - DOÓR - Í


**Is cuma cén chaoi a mbreathnaíonn tú ar -
Ciallaíonn sé príondáil den scoth.**



CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: (091) 93251 /93157. Facs: 93159.




TELEMARCA
TEORANTA

*Cable - Harness, Flat Cable, Moulded Cable
and Wiring Specialists*

**An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.
Teil. (091) 95108 Teileacs 50978
Facs. (091) 95069**

ÓSTÁN AN DÓILÍN

An Cheathrú Rua
(091) 95169



Más Pairtí, Bainis, ná aon chineál cóisir atá uait,
tabharfar aire sa Dóilín dhuit.

Tá an dá Dhóilín ann.



Forbairt Chultúrtha Shóisialta
agus eacnamaíochta na Gaeltachta
. . . sin dúshlán Údarás na Gaeltachta

ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Na Forbacha, Gaillimh (091) 92011

muintearas

Togra Oideachas urraithe ag
Fundúireacht Bernard Van Leer
agus

Údarás na Gaeltachta

Tuismitheoirí, múinteoirí agus an pobal ag obair
as lámh a chéile ar mhaithe le oideachas
agus forbairt a bpáistí.

An Ghlúin Óg — Ré nua